Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018 – 2027

## An Plean Gníomhaíochta don Spórt 2021 - 2023



Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
www.gov.ie/en/organisation/department-of-tourism-culture-arts-gaeltacht-sport-and-media/

# Brollach ón Aire Catherine Martin agus ón Aire Jack Chambers

Ar sheoladh an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027 i mí Iúil 2018, cuireadh béim mhór ar a thábhachtaí atá an spórt do bheatha daoine agus ar an éifeacht dhearfach atá ag stíl mhaireachtála atá gníomhach ón taobh fisiciúil de ar an tsláinte fhisiciúil, ar an meabhairshláinte agus ar cháilíocht na beatha. Bhuail paindéim COVID-19 an tír idir an dá linn. Chruthaigh an phaindéim dúshláin ollmhóra agus chuir sí isteach ar chuid mhór daoine. Cé gur dheimhnigh an phaindéim a bhailí atá teachtaireacht lárnach an Bheartais Náisiúnta Spóirt maidir leis an tábhacht agus na tairbhí a bhaineann le stíl mhaireachtála atá gníomhach ón taobh fisiciúil de, níl aon amhras ann ach go ndearna sí damáiste suntasach d'eagraíochtaí spóirt na hÉireann, a mbeidh sé riachtanach tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a atógáil le linn na bliana 2021 go háirithe. Beidh réitigh shaincheaptha atá sonrach don spórt ag teastáil sa bhliain 2021 chun a lán spórt a chur ar an mbealach ceart arís agus chun gur féidir leo rannchuidiú le folláine daoine.

Cé go bhfuil tuilleadh daoine níos gníomhaí anois ná ag am ar bith riamh, tá obair le déanamh againn go fóill. Ba mhaith linn an staid sin a athrú chun go mbeidh 60% ar a laghad den daonra ag glacadh páirt ghníomhach sa spórt faoin mbliain 2027. Ba mhaith linn a chinntiú freisin go mbeidh baint shóisialta ag tuilleadh daoine sa spórt, cibé acu mar oibrithe deonacha, mar bhaill de chlubanna nó mar fhéachadóirí ag imeachtaí spóirt, mar gheall ar an gcaipiteal sóisialta a ghabhann leis an mbaint sin.

Ó sheoladh an bheartais nua i mí Iúil 2018, tosaíodh ar an obair ar chóir a bheith gach ceann de na 57 nGníomh atá ann agus, go deimhin, cuireadh roinnt gníomhartha i gcrích cheana féin. Tá tuarascáil ar dhul chun cinn ar áireamh in Iarscríbhinn 2. Cumhdaítear sa Phlean Gníomhaíochta trí bliana seo an tréimhse suas go deireadh na bliana 2023 agus leagtar amach ann na príomhthionscnaimh a shaothróimid chun tuilleadh daoine a spreagadh páirt a ghlacadh sa spórt agus chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéantar an spórt a bhainistiú agus a riar.


Forfhocail an Phlean Gníomhaíochta seo is ea cuimsiú agus éagsúlacht. De réir na bhfigiúirí taighde ó Mhonatóir Spóirt na hÉireann arna ullmhú ag Spórt Éireann, ní bhíonn cuid mhór daoine i sochaí na hÉireann inniu ag gnóthú na dtairbhí a bhaineann le cineál éigin spóirt a imirt, cibé acu ar bhonn áineasa nó ar bhonn iomaíoch. Daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, daoine faoi mhíchumas, imircigh agus daoine den lucht siúil, mar shampla, is lú i bhfad a rannpháirtíocht ná an meán. Bhí roinnt teagmhas suaiteach ciníochais ann sa spórt freisin. Ní hé amháin go bhfuil teagmhais den sórt sin do-ghlactha, ach is féidir leo daoine a chur ó thaitneamh agus tairbhe a bhaint as an spórt freisin. Ar aon dul leis an ngealltanas ón Rialtas cur chuige neamhfhulaingthe a ghlacadh i leith an chiníochais sa spórt, oibreoimid go dlúth leis na comhlachtaí spóirt chun cláir agus feachtais faisnéise a fhorbairt agus chun a chinntiú go mbeidh sásraí láidre i bhfeidhm chun déileáil go mear cinntitheach le haon teagmhais a tharlóidh ar an bpáirc imeartha agus lasmuigh di araon.

Má táimid chun na spriocanna uaillmhianacha rannpháirtíochta atá againn a bhaint amach, is léir go mbeidh géarghá ann le dul i bhfeidhm ar na pobail sin ar bhealach níos áitithí agus níos eolaí fós. Is é sin an fáth a bhfuil sa Phlean Gníomhaíochta seo tionscnaimh shonracha a bhfuil mar aidhm leo an teachtaireacht maidir leis an spórt agus maidir le gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn ar fud na meán uile. Thosaíomar ar bhunachar sonraí náisiúnta saoráidí spóirt agus áineasa a chruthú freisin, rud lena gcuirfear faisnéis thábhachtach ar fáil do chách. Fágann sé sin nach mbeifear in ann neamh-rannpháirtíocht a chur síos a thuilleadh d'fhaisnéis a bheith in easnamh faoi shaoráidí spóirt agus áineasa. Agus, thar aon rud eile, b'fhéidir, tosóimid ag díriú ar an staid áitiúil, seachas an staid náisiúnta, agus ag tabhairt tús áite do na hábhair spéise agus na riachtanais atá ag pobail áitiúla, idir phobail uirbeacha agus phobail tuaithe, trí Phleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla.

Tuigimid go maith cé chomh mór agus atá na dúshláin atá le sárú againn. Agus leibhéil neamhghníomhaíochta fisiciúla á méadú iontu, tá dúshláin den chineál céanna le sárú ag a lán tíortha san Eoraip agus níos faide i gcéin freisin. Ar deireadh, déanfaidh daoine a rogha féin maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart dóibh páirt a ghlacadh sa spórt. Is iad na príomhaidhmeanna atá lenár gcur chuige ná daoine a spreagadh agus a éascú.

Aithníonn an Stát go mbaineann cuid mhór tairbhí leis an spórt agus, mar thoradh ar na soláthairtí méadaithe airgeadais a tugadh don spórt sa chúpla Buiséad seo a chuaigh thart, táimid ar an mbealach ceart chun an infheistíocht bhliantúil sa spórt a dhúbailt faoin mbliain 2027, i gcomparáid leis an leibhéal a bhí i réim roimh sheoladh an Bheartais Náisiúnta Spóirt.

Agus an plean seo á ullmhú, baineadh leas as léargas agus eolas luachmhar an Ghrúpa Ceannaireachta Spóirt, a bhfuil a chomhaltas leagtha amach thíos. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leis an nGrúpa as an iarracht ollmhór a chuir sé isteach chun cabhrú linn an Plean Gníomhaíochta seo a thabhairt chun críche. Níl obair an Ghrúpa críochnaithe go fóill, áfach, toisc go bhféachfar sa chéad chéim eile lena chinntiú go n-aistreofar na briathra go hiomlán ina ngníomhartha inbhraite chun na cuspóirí luaite beartais náisiúnta atá againn a bhaint amach.





Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Catherine Martin TD





Aire Stáit don Ghaeltacht agus don Spórt
Jack Chambers TD

**Comhaltaí den Ghrúpa Ceannaireachta Spóirt, Iúil 2021**

| | |
|---|---|
| Nina Arwitz | Obair Dheonach Éireann |
| Niamh Daffy | CARA |
| Karl Dunne | Ireland Active |
| Sarah Keane | Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann |
| Paula Keatley | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| John Kelly | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán |
| Ronan Kielt | An Roinn Oideachais |
| Deirdre Lavin | Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Shligigh |
| Miriam Malone | Cumann Parailimpeach na hÉireann |
| Fiona Mansergh | An Roinn Sláinte |
| Danny McLoughlin | Comhairle Contae Átha Cliath Theas (Ionadaí don Chumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach) |
| Mary O'Connor | Cónaidhm Spóirt na hÉireann |
| Shane O'Connor | Coimisiún Lúthchleasaithe Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann |
| Alan Quinlan | Craoltóir agus Iar-Imreoir ar Fhoireann Rugbaí na hÉireann |
| John Treacy | Spórt Éireann |


# Glossary

| | |
|---|---|
| **CSPPA** | An Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil |
| **CCMA** | Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach |
| **RLCMLÓ** | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| **RO** | An Roinn Oideachais |
| **RBATNE** | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| **RS** | An Roinn Sláinte |
| **RTRÁO** | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| **RDC** | An Roinn Dlí agus Cirt |
| **RFTP** | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| **RTCEGSM** | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán |
| **FIS** | Cónaidhm Spóirt na hÉireann |
| **IRFU** | Cumann Rugbaí na hÉireann |
| **ÚÁ** | Údarás Áitiúil |
| **LADTI+** | Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Idirghnéasach |
| **LSP** | Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt |
| **OTM** | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan |
| **NGB** | Comhlacht Rialaithe Náisiúnta |
| **BNS** | An Beartas Náisiúnta Spóirt |
| **OFI** | Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann |
| **PE** | Corpoideachas |
| **PI** | Cumann Parailimpeach na hÉireann |
| **SCEP** | An Clár Caipitil agus Trealaimh Spóirt |
| **SDG** | Na Náisiúin Aontaithe: Sprioc Forbartha Inbhuanaithe |
| **SIDO** | Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt |
| **UNESCO** | Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe |
| **CBL** | Cáin Bhreisluacha |

# 1

## Tosaíochtaí Maidir Leis an Téarnamh ó Phaindéim COVID-19 sa Bhliain 2021

Chruthaigh an phaindéim dúshláin ollmhóra d'Éirinn le linn na bliana 2020 agus arís eile sa bhliain 2021. Rinneadh an-difear don spórt, a fhágann go bhfuil a lán clubanna agus eagraíochtaí spóirt i mbaol a ndíothaithe anois. Cé go bhfuil sé fós deacair a rá go beacht cá fhad a thógfaidh sé orthu téarnamh go hiomlán, is dóigh go mbeidh roinnt blianta i gceist. Imríodh tionchar mór ar a lán saoráidí spóirt de bharr iad a bheith dúnta ar feadh tréimhsí fada. Go háirithe, tháinig oibreoirí linnte snámha ar dheacrachtaí suntasacha agus iad ag iarraidh athoscailt don phobal. Ina theannta sin, chuir paindéim COVID-19 isteach ar a lán daoine faoi mhíchumas toisc nach raibh aon rochtain acu ar a gclubanna áitiúla, ar thaitneamhachtaí amuigh faoin spéir, ar chóitseálaithe, ar shaoráidí traenála ná ar threalamh. Agus aitheantas á thabhairt don tionchar díréireach a bhí ag paindéim COVID-19 ar dhaoine faoi mhíchumas, ba go díreach ar an earnáil spóirt do dhaoine faoi mhíchumas a spriocdhíríodh sciar de chistiú tacaíochta COVID-19 sa bhliain 2020. Is gá tuilleadh a dhéanamh ina leith sin, áfach, agus tá sé beartaithe againn ciste sonrach leanúnach a bhunú le haghaidh tionscnaimh spóirt do dhaoine faoi mhíchumas.



Sholáthair an Stát na leibhéil chistiúcháin ba mhó riamh chun tacú lena lán réimsí earnála, an spórt ina measc. Is fiú níos mó ná €100 milliún é buiséad Spórt Éireann sa bhliain 2021, rud a rachaidh chun tairbhe do phobail spóirt ar fud na tíre. Ina theannta sin, seolfar babhta nua den Chlár Caipitil agus Trealaimh Spóirt sa bhliain 2021, agus buiséad €40 milliún ag gabháil leis. Cinnteoidh an infheistíocht lán-inchosanta sin gur ag daoine sa bhliain 2021 a bheidh tairiscint spóirt nach mbeadh acu in éagmais an chistiúcháin sin. Mar gheall ar fhorbairtí dearfacha ó thaobh vacsaínithe de, táthar dóchasach go rachaidh an filleadh ar an spórt ó neart go neart le linn na bliana 2021 agus ina diaidh. Maidir leis na dúshláin a bhí roimh earnáil spóirt na hÉireann sa bhliain 2020, is dóigh go mbeidh siad fós ann ar bhealach éigin thar thréimhse an phlean seo, agus sinn dóchasach go maolófar iad lena linn. Cé gur cheart dúinn bheith dóchasach, ní mór dúinn bheith réalaíoch agus pleanáil á déanamh againn agus ní mór dúinn a ghlacadh leis go leanfaidh an víreas lena bheith ina bhagairt ar an tsláinte phoiblí go ceann i bhfad. Mar sin, beidh ar gach duine leanúint le cineálacha réamhchúramacha dícheallacha cur chuige a ghlacadh i leith an spórt a sholáthar.

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
|---|---|---|---|
| **1.1** | Leanúint le hobair go dlúth leis na comhlachtaí spóirt agus tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a thabhairt dóibh chun gur féidir leo leanúint lena spórt a sholáthar. | RTCEGSM/Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| **1.2** | Dul i dteagmháil leis na comhlachtaí spóirt chun bonn eolais a chur faoi thograí saincheaptha agus cineálacha saincheaptha cur chuige i leith bhearta maolaithe COVID-19 amach anseo le haghaidh spóirt faoi dhíon agus spóirt amuigh faoin spéir araon. | RTCEGSM/Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| **1.3** | Sainaithint a dhéanamh ar bhealaí inar féidir tacú leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta fás agus téarnamh ballraíochtaí agus líonraí clubanna a chur chun cinn. | Spórt Éireann | NGBanna |
| **1.4** | Ciste um Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas a bhunú chun tacú le tionscnaimh áitiúla do dhaoine faoi mhíchumas. | Spórt Éireann | Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, NGBanna, LSPanna, CARA |
| **1.5** | Straitéis Náisiúnta Snámha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun deiseanna breise snámha a sholáthar laistigh agus lasmuigh araon. | | Sport Ireland, Swim Ireland, Ireland Active, LAs, DHLGH, CARA |
| **1.6** | Leanúint le hobair i gcomhar leis na comhlachtaí spóirt chun filleadh sábháilte féachadóirí ar imeachtaí spóirt a éascú chun tairbhe do leantóirí, do chlubanna agus do chomhlachtaí spóirt. | RTCEGSM | Spórt Éireann, Snámh Éireann, Ireland Active, Údaráis Áitiúla, RTRÁO, CARA |
| **1.7** | Tionscnamh Geimhridh don Spórt a sholáthar den chéad uair riamh sa bhliain 2021 chun ballraíocht agus rannpháirtíocht mhéadaithe i gclubanna spóirt a spreagadh agus a chothú, rud a chabhróidh le téarnamh na hearnála. | RTCEGSM | Spórt Éireann, NGBanna |
| **1.8** | Obair i gcomhar leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun filleadh sábháilte gníomhaíochtaí spóirt faoi dhíon, agus téarnamh na ngníomhaíochtaí sin, a chur chun cinn. | DTCAGSM/ Sport Ireland | All relevant stakeholders |

# 2

# Cumarsáid agus Faisnéis

I gcás aon phlean ar bith, is gá é a chur chun cinn go héifeachtach chun go n-éireoidh leis. Is cuma cé acu is teachtaireacht mhaith í nó nach ea, ní bhainfidh sí aon athrú dearfach amach mura gcuirtear in iúl don spriocphobal í. Ar fud na tíre, tá obair iontach á déanamh ag cuid mhór daoine chun cláir a chur le chéile agus chun iad a chur ar fáil. Is féidir linn cur leis na hacmhainní iontacha sin agus cabhrú leo na tairbhí a bhaineann leis an spórt agus le gníomhaíocht fhisiciúil a chur in iúl trí fheachtas marthanach margaíochta. Is féidir linn faisnéis thábhachtach faoi shaoráidí spóirt a chur ar fáil do dhaoine ar a ndeis freisin. Díreofar go príomha san fheachtas náisiúnta sin ar an dea-obair atá ar siúl cheana féin, ar na deiseanna gníomhaíochta fisiciúla atá ar fáil do dhaoine agus ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil.

Tá luachanna an spóirt bunaithe ar chothroime agus ar mheas. Is féidir iad sin a úsáid chun dul i ngleic le sciúirsí amhail ciníochas, homafóibe agus bulaíocht, ar nithe iad nár cheart cur suas leo sa spórt ná in aon áit eile sa tsochaí. Cuirfimid croíluachanna an spóirt san áireamh inár bhfeachtais faisnéise.



| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
|---|---|---|---|
| 2.1 | Tabhairt faoi fheachtas ilbhliantúil cumarsáide ar fud na tíre chun tacú leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt a sholáthar, ar lena linn a chothófar rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíochtaí corpacmhainne ar feadh an tsaoil agus a tharraingeofar aird ar chroíluachanna an Bheartais Náisiúnta Spóirt agus ar an réasúnaíocht agus na teachtaireachtaí atá curtha in iúl ann maidir lena thábhachtaí atá an spórt – idir spórt áineasa agus spórt iomaíoch – maidir le daonra sláintiúil a bhaint amach. Le linn an fheachtais sin, díreofar go háirithe ar mhná, ar phobail mhionlaigh, ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar phobail a bhfuil leibhéil ísle rannpháirtíochta acu. | RTCEGSM | RS, RLCMLÓ, Spórt Éireann, Cónaidhm Spóirt na hÉireann, Ireland Active, NGBanna, Údaráis Áitiúla, LSPanna, CARA |
| 2.2 | Ráiteas comhdhearcaidh maidir le litearthacht fhisiciúil a fhorbairt agus glacadh na litearthachta fisiciúla a chur chun cinn sa spórt agus sa chorpoideachas. Modh a thabhairt isteach trínar féidir glacadh agus cur chun feidhme an ráitis sin a mheasúnú agus a bhrú chun cinn go rialta. | Spórt Éireann | RO, RBATNE, RLCMLÓ, NGBanna |
| 2.3 | Ar aon dul le straitéisí náisiúnta ábhartha ón Roinn Dlí agus Cirt agus ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige araon, tabhairt faoi fheachtas faisnéise ina dtarraingeofar aird ar cé chomh do-ghlactha agus atá claontacht, ciníochas, homafóibe agus gach cineál idirdhealaithe sa spórt, le tacaíocht ón gclár um chleachtas eiticiúil sa spórt/ón gclár don spórt luachannabhunaithe. | Spórt Éireann | RDC, RLCMLÓ, CARA, Cónaidhm Spóirt na hÉireann, NGBanna, LSPanna |
| 2.4 | Bunachar Sonraí Geografacha Náisiúnta Saoráidí Áineasa a fhorbairt agus a chur chun cinn, rud a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus lena léarscáileofar saoráidí spóirt faoi dhíon agus saoráidí spóirt amuigh faoin spéir. Leis an mBunachar Sonraí sin, cumasófar do phobail áitiúla rannpháirtíocht in eagraíochtaí áitiúla spóirt a bhrú chun cinn trí scoileanna, trí údaráis áitiúla agus trí eagraíochtaí pobail. | Spórt Éireann | RTCEGSM, RS, RO, RBATNE, RLCMLÓ, RTRÁO, Údaráis Áitiúla, Ireland Active, NGBanna, CARA |
| 2.5 | Agus leas á bhaint as rath cruthaithe na bhfeachtas corpacmhainne atá ann cheana sna meáin, feachtas séasúrach nua a sholáthar ina gcuirfear rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta sa spórt chun cinn le linn mhíonna an Gheimhridh, rud a sheolfar le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt i mí Mheán Fómhair gach bliain. | Spórt Éireann | RTCEGSM, RS, Ireland Active, NGBanna |
| 2.6 | Sainaithint agus cur chun cinn a dhéanamh ar bhealaí inar féidir gníomhaíocht fhisiciúil a uasmhéadú le linn an lae scoile. | RO/ RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 2.7 | Tacú le teagmháil idir clubanna spóirt agus scoileanna d'fhonn gníomhaíocht fhisiciúil agus rannpháirtíocht araon a mhéadú. | RO/ RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |

# 3

## Cistiú

Beidh cistiú méadaithe ag teastáil chun na spriocanna atá againn a bhaint amach. Ní leor cistiú leis féin, áfach, chun sinn a chumasú na haidhmeanna atá againn a chomhlíonadh. Teastóidh uainn tiomantas, fuinneamh agus buanna na ndaoine éagsúla a ghabhann don chóitseáil, don obair dheonach agus don riarachán spóirt freisin. Beidh orainn breithniú a dhéanamh ar smaointe nua agus ar bhealaí difriúla chun nithe a dhéanamh. Beidh tuilleadh infheistíochta ag teastáil chun an córas spóirt a fheabhsú, ar córas é a bheidh bunaithe ar chaighdeáin rialachais atá ard, agus údar leis sin, agus a éireoidh níos éilithí i gcónaí. Tá dúshlán láithreach ann cabhrú leis an earnáil teacht trí phaindéim COVID-19, rud a chuir a lán comhlachtaí spóirt i mbaol a ndíothaithe. Díreofar go príomha ar dhul i ngleic leis na dúshláin sin mar chuid den bheartas spóirt agus leithdháilfear cistiú ar an obair sin mar ábhar tosaíochta leanúnach ar feadh thréimhse trí bliana an phlean seo, go háirithe sa bhliain 2021.



Agus an infheistíocht bhliantúil uaidh sa spórt le dúbailt aige go níos mó ná €220 milliún faoin mbliain 2027, tá sé beartaithe ag an Stát bheith ar thús cadhnaíochta i dtuilleadh infheistíochta a sholáthar. Mar sin féin, beidh ar dhaoine eile a gcuid féin a dhéanamh freisin, mar shampla trí mhaoiniú corparáideach agus daonchairdiúil. Is féidir le hathchóiriú cánachais an tóir ar son tuilleadh éagsúlachta cistiúcháin i spórt na hÉireann a threorú, ní amháin don spórt ardfheidhmíochta ach don spórt ar an leibhéal pobail freisin. Déanann gnólachtaí áitiúla ranníocaíochtaí luachmhara le clubanna áitiúla spóirt agus le tionscnaimh folláine cheana féin. Is gá daoine a éascú síntiúis spóirt a dhéanamh, áfach, agus oibreoimid chun déanamh amhlaidh. Mar aon leis an gCiste um Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas atá luaite i nGníomh 1.4, bunófar trí Chiste nua ar leith lena ndéileálfar leis an Nuálaíocht, leis an gCuimsiú agus leis an gCóitseáil. Beidh gach ceann díobh dírithe ar chultúr rannpháirtíochta sa spórt a bhaint amach atá níos éagsúla agus níos cuimsithí, a mheallann níos mó rannpháirtithe agus a sholáthraíonn cóitseáil níos fearr i gcomparáid lena bhfuil againn faoi láthair. Cuirfear fáilte ar leith roimh thairiscintí ilspóirt ó ghrúpaí agus comhpháirtíochtaí pobail áitiúil atá dírithe ar dheiseanna rannpháirtíochta teaghlachbhunaithe, agus spreagfar tairiscintí den sórt sin.

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
|---|---|---|---|
| 3.1 | Ciste Nuálaíochta a bhunú chun tionscadail nuálacha chomhoibríocha a chur chun cinn ar mhaithe le rannpháirtíocht inbhuanaithe sa spórt a mhéadú. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 3.2 | Agus éiteas 'Spórt do chách' á chur i bhfeidhm, Ciste um Chuimsiú, Éagsúlacht agus Comhionannas a bhunú chun rannpháirtíocht mhéadaithe inbhuanaithe sa spórt a chur chun cinn i measc leanaí, ógánach agus aosaigh óga, daoine a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, daoine faoi mhíchumas, an pobal LADTI+, an Lucht Siúil agus mionlaigh eitneacha eile. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 3.3 | Gach tionscadal rathúil faoin gCiste um Bonneagar Spóirt Mórscála a sholáthar agus a chur ar aghaidh. Maidir leis an gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt, a chinntiú go gcuirfear leibhéal cuí cistiúcháin i leataobh do na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt, lena n-áireofar leithdháiltí le haghaidh trealamh ardfheidhmíochta. A chinntiú go mbeidh cistiú ar fáil freisin faoin gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt le haghaidh saoráidí spóirt a athnuachan/a chothabháil go cuí i gcás go measfar an obair sin a bheith riachtanach chun na saoráidí a choinneáil ar bun. | RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 3.4 | Bunaithe ar an gclár "Black Gold" sa Nua-Shéalainn, scéim a thabhairt isteach le haghaidh maoiniú corparáideach agus daonchairdiúil a mhealladh chun tacú le clár ardfheidhmíochta na hÉireann. | Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann/Cumann Parailimpeach na hÉireann | NGBanna |
| 3.5 | Chun tacú leis an bplean náisiúnta cóitseála, Ciste Cóitseála atá tiomnaithe agus comhoibríoch a bhunú do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. | Spórt Éireann | NGBanna |
| 3.6 | Creat coiteann cistiúcháin a fhorbairt chun leithdháileadh an chistiúcháin Stáit ar Chluichí Gaelacha a threorú ar fud gach cóid. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 3.7 | Cásanna gnó a ullmhú le haghaidh athchóirithe féideartha cánachais i leith na nithe seo a leanas:<br>(a) stádas carthanúil a dheonú do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta;<br>(b) an tairseach incháilitheachta €250 a ísliú le haghaidh faoisimh chaipitil ar shíntiúis aonair do thionscadail chaipitil spóirt;<br>(c) an córas cánach breisluacha nialas-rátaithe a leathnú;<br>(d) faoisimh chánachais ar shíntiúis chaipitil a leathnú chun go n-áireofar leo síntiúis do chláir rannpháirtíochta sa spórt/do chláir chóitseála; agus<br>(e) deiseanna aclaíochta pearsanta a dhreasú. | Cónaidhm Spóirt na hÉireann | Ireland Active, NGBs |
| 3.8 | An soláthar dífhibrileoirí a chur chun cinn ar fud an líonra spóirt.. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |

# 4

## Oiliúint/Acmhainní

Ní bhaineann gach duine ar fud shochaí na hÉireann na tairbhí céanna as páirt a ghlacadh sa spórt. Is lú i bhfad an rannpháirtíocht i measc codanna áirithe den daonra, go háirithe daoine a thagann ó chúlra faoi mhíbhuntáiste nó daoine faoi mhíchumas, ná an meán náisiúnta. Is an-dúshlánach an rud é dul i ngleic go rathúil leis na grádáin rannpháirtíochta sin, a bhfuil gach ceann díobh leabaithe go domhain, mar a tuairiscíodh in eagráin as a chéile de Mhonatóir Spóirt na hÉireann. Ós rud é nach bhfuil aon chur chuige uileghabhálach ann i leith na fadhbanna sin a réiteach, meastar go bhfuil sé ríthábhachtach inniúlachtaí an chórais spóirt ar fad a fhorbairt trí nithe amhail oiliúint d'oibrithe deonacha agus rialachas dea-chleachtais, i measc nithe eile. Forbrófar foirne uirlisí, creataí meastóireachta agus deiseanna oiliúna nua agus cuirfear ar fáil iad ar bhealach so-rochtana do dhaoine a oibríonn ar an túslíne san earnáil spóirt. Meastar go mbaineann ríthábhacht le hacmhainní, scileanna agus inniúlachtaí a uasmhéadú inár bpríomhlíonraí Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt. Tá gá ann freisin le haghaidh a thabhairt go córasach ar an mbagairt a chruthaíonn costais mhéadaitheacha árachais don tsochaí i gcoitinne. Leagadh béim ar an méid sin arís agus arís eile le linn an chomhairliúcháin phoiblí don phlean seo.  Dúshlán suntasach atá le sárú ar mhaithe le hinmharthanacht fhadtéarmach chóras spóirt na hÉireann is ea an córas spóirt a chothú agus a atógáil tar éis phaindéim COVID-19, go háirithe ar leibhéal na gclubanna pobail.



| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
| --- | --- | --- | --- |
| 4.1 | Acmhainní saincheaptha a fhorbairt chun cúnamh a thabhairt do na príomhlíonraí Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt. | Spórt Éireann | Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, LSPanna, NGBanna, CARA |
| 4.2 | Agus iad ailínithe leis an mbeartas náisiúnta um obair dheonach, acmhainní a fhorbairt chun tacú le bainistíocht oibrithe deonacha laistigh de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. | Spórt Éireann | Obair Dheonach Éireann, NGBanna, LSPanna, CARA |
| 4.3 | An Cód Rialachais don Spórt a bheith glactha ag gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus gach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt faoi dheireadh na bliana 2021. Mar chuid den phróiseas sin, sainaithneoidh Spórt Éireann an oiliúint agus na tacaí a theastaíonn ó na heagraíochtaí difriúla chun cabhrú leis an bpróiseas glactha agus cuirfidh sé an oiliúint agus na tacaí sin i bhfeidhm. | Spórt Éireann | NGBanna, LSPanna |
| 4.4 | Tacú leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus le comhlachtaí eile spóirt uirlisí meastóireachta a fhorbairt dá gcuid clár agus tionscnamh. Creataí meastóireachta a fhorbairt, ar creataí iad lena gcumasófar measúnú láidir (a) ar an tionchar atá ag saoráidí, cláir agus idirghabhálacha a chistítear go poiblí agus (b) ar a mhéid a chruthaítear naisc bhuana le clubanna áitiúla. | Spórt Éireann | NGBanna, LSPanna agus Eagraíochtaí Eile Spóirt |
| 4.5 | Fóraim rialta a thionól do gheallsealbhóirí earnála spóirt chun cabhrú le sonraí praghsála árachais a thiomsú ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi láithreoireachtaí a thabharfaidh an tAire os comhair an Choiste Comh-aireachta um Athchóiriú Árachais gach sé mhí. | RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |

# 5

## Cláir agus Imeachtaí

Le linn an chomhairliúcháin phoiblí a seoladh don phlean seo, léiríodh arís eile gur gá dul i ngleic go práinneach le leibhéil neamhghníomhaíochta fisiciúla i measc ár leanaí agus ár ndaoine óga agus gur féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí tionchar mór a imirt maidir leis an staid sin a fheabhsú. Is gá caidreamh agus struchtúir chomhair a neartú idir an earnáil oideachais agus an earnáil spóirt. Is gá dul i mbun tuilleadh teagmhála le pobail áitiúla agus aitheantas a thabhairt do na riachtanais shonracha atá ag limistéir thuaithe agus idirghabhálacha cláir á ndearadh agus á gcur chun feidhme freisin. Tá géarghá ar leith ann le dul i ngleic le leibhéil mhéadaitheacha neamhghníomhaíochta i measc leanaí agus daoine óga, rud a bhí ina ábhar do thaighde tábhachtach luachmhar cheana féin. Chun fionnachtana an taighde sin a chur chun feidhme, beidh ardleibhéal comhair, tiomantais agus tacaíochta ó gheallsealbhóirí éagsúla ag teastáil. Tá sé beartaithe againn dul i dteagmháil leis na geallsealbhóirí sin trí fhóram speisialta a thionólfar sa bhliain 2021. Beidh an fóram sin dírithe ar éisteacht le daoine óga sa spórt faoi na hábhair imní atá acu agus faoi na dúshláin atá rompu.

| Ref. | Action | Lead | Stakeholders |
|---|---|---|---|
| 5.1 | Fóram geallsealbhóirí atá dírithe ar an óige a thionól chun glacadh an chreata straitéisigh atá molta sa Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil 2018 (CSPPA 2018) a threorú. | RTCEGSM/RS/ RO/RBATNE/ RLCMLÓ | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 5.2 | Agus aitheantas á thabhairt don ról tábhachtach atá ag tuismitheoirí agus caomhnóirí i leith leanaí agus daoine óga agus don tionchar tábhachtach a imríonn siad orthu, cuirfidh na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta an fháil mhéadaithe ar imeachtaí pobail áitiúil atá inrochtana ag cách agus deiseanna spóirt áineasa atá oiriúnach do theaghlaigh chun cinn, go háirithe i bpobail tuaithe. Bunófar tuilleadh mol spóirt sa phobal ar fud na tíre. | Spórt Éireann | LSPanna, NGBanna, CARA |
| 5.3 | Ar aon dul leis an dearcadh conaire saoil ar cuid dhílis de na spóirt rannpháirtíochta tosaíochta faoin mBeartas Náisiúnta Spóirt é, cumhdach na gclár 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith' a leathnú chuig daoine de gach aois, agus béim ar leith á cur ar na riachtanais atá ag daoine scothaosta. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 5.4 | Beartas Áineasa Amuigh Faoin Spéir a chur chun feidhme agus infheistiú ann chun rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil amuigh faoin spéir a mhéadú i measc daoine de gach aois. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |



# 6

## Pleananna agus Straitéisí

Chun cuspóirí ardleibhéil físeacha an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027 a bhaint amach sa chleachtas, beidh sé riachtanach pleananna agus straitéisí áirithe atá bunathraitheach chun feabhais agus atá dírithe ón taobh oibríochtúil de a chur i bhfeidhm ar dtús chun forbairt an spóirt in Éirinn a stiúradh suas go dtí an bhliain 2027 agus ina diaidh. Agus gach straitéis á gceapadh, tabharfar an-aird ar an riachtanas atá ann leis an inbhuanaitheacht, áit a gcuirfear cúram agus maoirseacht acmhainní ár bpláinéid chun cinn. Glacfaimid leis an deis atá ann caighdeáin cheannródaíocha inbhuanaitheachta a thaispeáint ar Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann go háirithe, lena n-áireofar tiomantas do spriocanna laghdú astaíochtaí carbóin, don athchúrsáil agus don gheilleagar ciorclach. Gabhfaimid orainn féin dul i dteagmháil le leanaí agus daoine óga le linn dúinn forbairt a dhéanamh ar gach plean agus straitéis a eascróidh as an mBeartas Náisiúnta Spóirt.

De bhun fhoilsiú na Straitéise Ardfheidhmíochta 2021-2032, glacfaimid cur chuige níos spriocdhírithe i leith ár gcláir ardfheidhmíochta agus leanfaimid ar aghaidh le Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann a fhorbairt. Tá feabhas suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar an gcomhoibriú idir Spórt Éireann, Institiúid Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann, Cónaidhm



Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann, agus treiseofar an comhoibriú sin tuilleadh. Ullmhóimid do thírdhreach athraitheach spóirt in Éirinn thar an gcéad deich mbliana eile freisin, ar lena linn a bheidh na hionchais níos airde ná ag am ar bith riamh. Ceithre thosaíocht shonracha is ea athchóirithe rialachais a áirithiú, tuilleadh éagsúlachta agus comhionannais inscne a bhaint amach, an ghné áitiúil a leabú, agus feabhas a chur ar na tacaí a thugaimid d'oibrithe deonacha.

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
|---|---|---|---|
| 6.1 | I dteannta pleananna gníomhaíochta comhionannais a fhorbairt, iarrfar ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta sprioc an Rialtais do Bhoird Stáit a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2023, is é sin le rá go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad don dá inscne ann i gcomhaltas a mBord. Soláthrófar tacaíocht do chláir thiomnaithe oiliúna ceannaireachta do mhná, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le rialachas agus oiliúint theicniúil (cóitseáil, réiteoireacht agus bainistíocht foirne). Déanfaidh Spórt Éireann faireachán ar dhul chun cinn na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar na spriocanna agus tuairisceoidh sé gach bliain ar cé acu atá nó nach bhfuil údar ann le bearta breise amhail cuótaí inscne | Spórt Éireann | NGBanna |
| 6.2 | Oibreoidh Spórt Éireann i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla ar fud na tíre chun creat a cheapadh le haghaidh tacú le Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus comhoibriú leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta á chinntiú go háirithe. | Údaráis Áitiúla | Spórt Éireann, LSPanna, NGBanna, RTCEGSM, RTRÁO, RS, RO, RBATNE, RLCMLÓ, RFTP |
| 6.3 | Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann 2021-2032 a chur chun feidhme, agus leas á bhaint as cineálacha athbhreithnithe cur chuige i leith infheistíocht spriocdhírithe feidhmíochta, forbairt cóitseála agus coinneáil. | Spórt Éireann | Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, NGBanna |
| 6.4 | Máistirphlean nua 15 bliana a chur i gcrích do Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann, lena n-áireofar tionscadail atá ar siúl agus ar na bacáin cheana féin, amhail cóiríocht do lúthchleasaithe agus veileadróm. | Spórt Éireann | NGBanna |
| 6.5 | Tabharfaidh Spórt Éireann ceannaireacht le dea-shampla agus taispeánfaidh sé tiomantas an spóirt don inbhuanaitheacht le linn tionscadail bhonneagair a fhorbairt ag an gCampas trí straitéis nua inbhuanaitheachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme don Champas. Beidh sé mar aidhm leis an Straitéis nua an inbhuanaitheacht a leabú i bpleanáil, dearadh, tógáil agus oibriú gach tionscadail nua bhonneagair ag an gCampas. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 6.6 | Forbairt a dhéanamh ar bheartas um imeachtaí idirnáisiúnta spóirt a óstáil, rud lena n-ailíneofar na hiarrachtaí de chuid comhlachtaí stáit, comhlachtaí rialaithe náisiúnta, údarás áitiúil agus gach geallsealbhóra ábhartha eile lena chéile chun a chinntiú gur féidir le hÉirinn dul san iomaíocht leis na tíortha is fearr ar domhan agus sinn ag iarraidh mórimeachtaí a óstáil. | RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 6.7 | Leanúint le dul i mbun teagmháil dhearfach ar bhonn Thuaidh-Theas chun cabhrú leis an spórt agus le gníomhaíocht fhisiciúil a sholáthar do gach duine ar an oileán agus chun gur féidir an dea-chleachtas agus rochtain ar shaoráidí a chomhroinnt. Déanfaidh Spórt Éireann iniúchadh ar na réimsí ina bhféadfaí tuilleadh ailíniúcháin straitéisigh a bhaint amach maidir leis an spórt a fhorbairt tuilleadh ar bhonn uile-oileáin, lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann comórtais nua uile-oileáin a reáchtáil ar an scothleibhéal agus ar an leibhéal áineasa, agus ar na deiseanna atá ann comhthairiscintí Thuaidh/Theas a chur isteach amach anseo le haghaidh comórtais idirnáisiúnta a óstáil. | RTCEGSM/ | Gach geallsealbhóir ábhartha |

# 7

# Taignde agus Meaastóireacht

Trí thaighde agus meastóireacht, rannchuidítear le tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na dúshláin rannpháirtíochta atá romhainn agus ar éifeachtacht choibhneasta na mbeart a rinneadh araon. Má táthar chun tacú le feidhmíocht bharrmhaith ár lúthchleasaithe agus chun daoine de gach aois agus ó gach cúlra a spreagadh go rathúil stíl mhaireachtála níos gníomhaí agus níos sláintiúla a bheith acu, beidh clár breisithe taighde agus meastóireachta ag teastáil chun bonn eolais a chur faoi ghníomhartha agus tionscnaimh amach anseo agus chun iad a threorú. Beidh sé ríthábhachtach leas a bhaint as ár n-iarrachtaí taighde agus meastóireachta agus iad a chomhordú chun a chinntiú go rannchuideoidh na hiarrachtaí sin go rathúil leis na spriocanna foriomlána atá againn ó thaobh rannpháirtíochta agus ardfheidhmíochta de a bhaint amach.

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
|---|---|---|---|
| 7.1 | Forbairt a dhéanamh ar straitéis taighde don spórt, lena n-áirítear stór taighde agus sonraí spóirt ar líne. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 7.2 | Ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta do Dhaoine Óga LADTI+, agus chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na bacainní atá roimh dhaoine LADTI+ sa spórt, tionchar na n-uirlisí náisiúnta taighde amhail Monatóir Spóirt na hÉireann agus foinsí eile a leathnú chun cur leis an tuiscint atá againn ar na saincheisteanna a bhaineann le rannpháirtíocht/neamh-rannpháirtíocht sa spórt i measc grúpaí imeallaithe amhail daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha, daoine den phobal LADTI+, etc. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 7.3 | Athbhreithniú Luach ar Airgead a dhéanamh ar an gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt agus a chinntiú go gcuirfear aon mholtaí a thiocfaidh as an Athbhreithniú sin san áireamh i mbabhtaí bliantúla amach anseo den chlár. | RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 7.4 | Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an obair idirnáisiúnta ina dtomhaistear an rannchuidiú a dhéanann an spórt, an corpoideachas agus gníomhaíocht fhisiciúil le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus chun gné chearta an duine den spórt a choinneáil chun tosaigh, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a léarscáiliú laistigh den Bheartas Náisiúnta Spóirt. | RTCEGSM | Oifig UNESCO, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan |

# Iarscríbhinn 1

# Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna

| Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna – Rannpháirtíocht Ghníomhach | | | |
|---|---|---|---|
| **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Bonnlíne 2017** | **Spriocanna 2023** | **Spriocanna 2027** |
| Líon méadaithe aosach a imríonn spórt go rialta | 43% | 47% | 60% |
| Deireadh a chur leis an ngrádán rannpháirtíochta gníomhaí sa spórt atá ann idir fir agus mná | 4.50% | 2.50% | 0% |
| Leibhéil laghdaithe neamhghníomhaíochta i measc aosach | 22% | 18% | 15% |
| Líon méadaithe leanaí a imríonn spórt go rialta sa phobal[1]<br>Bunscoil<br>Iar-bhunscoil | <br>TBD%<br>TBD% | <br>TBD%<br>TBD% | <br>TBD%<br>TBD% |
| Líon méadaithe aosach ó na trí ghrúpa ioncaim is ísle a ghlacann páirt rialta sa spórt | 30% | 34% | 40% |
| Rannpháirtíocht chéatadánach mhéadaithe sa spórt i measc daoine a bhfuil tinneas fadtéarmach orthu nó atá faoi mhíchumas | 29% | 34% | 40% |

| Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna – Rannpháirtíocht Shóisialta | | | |
|---|---|---|---|
| **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Bonnlíne 2017** | **Spriocanna 2023** | **Spriocanna 2027** |
| Líon méadaithe aosach a ghlacann páirt sa spórt go sóisialta trí obair go deonach, ballraíocht de chlubanna agus/nó freastal | 45% | 50% | 55% |
| Ballraíocht mhéadaithe de chlubanna | 34% | 36% | 40% |
| Freastal méadaithe ar imeachtaí spóirt | 19% | 22% | 25% |
| Líon méadaithe daoine a bhíonn ag déanamh obair dheonach go rialta sa spórt | 11% | 13% | 15% |

| Key Performance Indicators and Targets - Governance | | | |
|---|---|---|---|
| **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Bonnlíne 2017** | **Spriocanna 2023** | **Spriocanna 2027** |
| Méadú ar an líon Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a bhfuil an Cód Rialachais don Spórt glactha acu | 12% | 100% | 100% |
| An Chothromaíocht Inscne i gcomhaltas Boird na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta | 24% | 40% | 50% |

| Key Performance Indicators and Targets – High Performance | | | |
|---|---|---|---|
| **Príomhtháscairí Feidhmíochta** | **Bonnlíne 2017** | **Spriocanna 2023** | **Spriocanna 2027** |
| Méadú ar an líon bonn a buadh ag Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha as a chéile | 13 | 17 - 23 | 20 - 26 |
| An líon imeachtaí Oilimpeacha agus Parailimpeacha inar chríochnaigh lúthchleasaithe Éireannacha i measc an deichniúir is fearr/inar bhain siad an babhta ceannais amach | 49 | 45 - 55 | 49 - 60 |
| Rangú na tíre i dTábla Bonn na gCluichí Oilimpeacha | 62 | 55 | Top 50 |
| Rangú na tíre i dTábla Bonn na gCluichí Parailimpeacha | 28 | 25 | Top 20 |
| Méadú ar an líon bonn a buadh ar an leibhéal sóisearach agus sinsearach ar an ardán Eorpach agus Domhanda | 255 | 270 | 290 |

# Iarscríbhinn 2
# Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn

## Cur Chun Feidhme an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027

1. **Réamhrá**
   Ó sheoladh an Bheartais Náisiúnta Spóirt ag deireadh mhí Iúil 2018 i leith, díríodh go príomha ar na struchtúir a theastaíonn chun cur chun feidhme an Bheartais a bhrú chun cinn a bhunú agus a chothú, go háirithe an Grúpa Ceannaireachta Spóirt a bhunú, agus ar acmhainní breise, idir acmhainní airgeadais agus acmhainní eile, a áirithiú chun cabhrú leis na cuspóirí agus na haidhmeanna uaillmhianacha beartais 10 mbliana a chur ar aghaidh.

   Ós rud é gurb é an ghníomhaireacht reachtúil a bhfuil freagracht uirthi as an spórt a fhorbairt é, imríonn Spórt Éireann príomhról in an-chuid de na 57 ngníomh atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt a chur ar aghaidh agus/nó a sholáthar. Rinneadh obair cur chun feidhme ar fud raon leathan réimsí ó foilsíodh an Beartas Náisiúnta Spóirt. Cé nach liosta uileghabhálach é, tugtar san fhorbhreathnú seo a leanas léargas achomair ar an obair sin.

2. **Airgeadas**
   Gné lárnach de chuid mhór den Bheartas Náisiúnta Spóirt is ea an riachtanas atá ann le hacmhainní breise a áirithiú. Rinneadh dul chun cinn suntasach ina leith sin, agus éascaíodh na héachtaí atá liostaithe anseo go mór trí na méaduithe substaintiúla buiséid a soláthraíodh do Spórt Éireann le blianta beaga anuas. Tháinig méadú ar luach na ndeontas a tugadh do Spórt Éireann ó €52.7m sa bhliain 2017 go €104.5m sa bhliain 2021. A bhuí leis na leithdháiltí breisithe sin, cumasaíodh do Spórt Éireann cumas agus inniúlachtaí na hearnála spóirt a neartú tuilleadh chun príomhchuspóirí beartais a chomhlíonadh, rud atá ar cheann amháin de na trí phríomhcholún den Bheartas Náisiúnta Spóirt (in éineacht le rannpháirtíocht agus le hardfheidhmíocht).

   Chruthaigh paindéim COVID-19 dúshláin ollmhóra gan fasach don earnáil spóirt ó thús na bliana 2020 agus tá sé riachtanach ó shin i leith díriú ar chaomhnú na hearnála agus ar a forbairt fhadtéarmach. A bhuí leis an €88.5 milliún a soláthraíodh trí phacáiste chiste athléimneachta COVID-19 sa bhliain 2020, soláthraíodh an chobhsaíocht a theastaíonn chun cabhrú le soláthar leanúnach na ngníomhartha beartais a bhfuil mar aidhm leo rannpháirtíocht mhéadaithe, feabhsuithe sa spórt ardfheidhmíochta agus rialachas agus inniúlacht níos láidre a bhrú chun cinn ar fud na hearnála spóirt. Tá tuilleadh mionsonraí faoi na príomhcholúin sin den Bheartas Náisiúnta Spóirt leagtha amach i rannán 4 thíos.

3. **Saoráidí Spóirt**
   Leagtar béim ar leith sa Bheartas Náisiúnta Spóirt ar a thábhachtaí atá saoráidí spóirt. Tacaíonn an Roinn le saoráidí nua spóirt a sholáthar trí dhá scéim tacaíochta caipitil, is iad sin: an Clár Caipitil agus Trealaimh Spóirt agus an Ciste um Bonneagar Spóirt Mórscála.

   Is é an Clár Caipitil agus Trealaimh Spóirt an príomh-mheán trína dtacaíonn an Rialtas le saoráidí spóirt agus áineasa a fhorbairt agus le trealamh spóirt neamhphearsanta a cheannach ar fud na tíre. Bhain breis agus 13,000 tionscadal tairbhe as cistiú caipitil spóirt ón mbliain 1998 cheana féin, agus níos mó ná €1 billiún san iomlán á leithdháileadh orthu le linn na tréimhse sin.

   Mar thoradh ar an gclár, bunathraíodh tírdhreach spóirt na hÉireann chun feabhais agus méadaíodh cáilíocht agus líon na saoráidí spóirt i ngach sráidbhaile, baile agus cathair sa tír, beagnach.

   Gealltar i gClár an Rialtais an Clár Caipitil agus Trealaimh Spóirt a choinneáil ar bun agus tús áite a thabhairt d'infheistiú a dhéanamh i limistéir faoi mhíbhuntáiste.

   Dúnadh an tréimhse iarratais don bhabhta is déanaí den Chlár Caipitil agus Trealaimh Spóirt Dé Luain an 1 Márta 2021. Cuireadh 3,106 iarratas isteach faoin dáta deiridh, agus cistiú arbh fhiú níos mó ná €200m san iomlán é á lorg iontu. Ba é sin an líon ab airde iarratas a fuarthas riamh. Tá an lámhleabhar córas scórála agus measúnaithe do bhabhta na bliana 2020 tugtha chun críche anois agus tá sé ar fáil ag www.sportscapitalprogramme.ie. Mar gheall ar an líon mór iarratas a fuarthas agus ar an bhfaisnéis mhionsonraithe atá i ngach iarratas, tógfaidh sé roinnt míonna chun an próiseas measúnaithe a chríochnú. Tá sé beartaithe go ndéanfar leithdháiltí i leith iarratais ar threalamh spóirt le linn shamhradh na bliana 2021 agus go bhfógrófar na leithdháiltí i leith tionscadail chaipitil eile roimh dheireadh na bliana. Cuirfear €40 milliún ar a laghad ar fáil lena leithdháileadh. A luaithe a bheidh an próiseas sin críochnaithe, cuirfear gach iarratasóir ar an eolas faoi thoradh an mheasúnaithe ar an iarratas uathu.

   Seoladh an Ciste um Bonneagar Spóirt Mórscála sa bhliain 2018 chun tacaíocht ón Státchiste a sholáthar do mhórthionscadail saoráide spóirt, lena n-áirítear linnte snámha. Cuirfear €100m ar a laghad ar fáil thar an tréimhse go 2027. Iarradh iarratais ó na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus ó Údaráis Áitiúla trí dhá chainéal, ba iad sin: Sruth 1, inar pléadh le tograí deartha; agus Sruth 2, inar freastalaíodh ar iarratais ar oibreacha tógála iarbhír. Leithdháileadh thart ar €86.4m den leithdháileadh €100m ar 33 thionscadal go dtí seo.

Ós rud é go bhfuil an Ciste sin ina chlár nua a bhfuil mar aidhm leis tacaíocht a thabhairt do thionscadail ar mhórscála, is é is aidhm do na Téarmaí agus Coinníollacha a chinntiú go mbainfear aidhmeanna ardleibhéil an Chiste amach ina n-iomláine agus dáileadh cothrom cistiúcháin deontais a spreagadh do thionscadail ar fud na tíre agus ar fud raon spórt difriúil. Foráiltear leis na nósanna imeachta agus na treoirlínte meastóireachta don Chiste um Bonneagar Spóirt Mórscála gurb amhlaidh, a luaithe a fhógrófar leithdháiltí sealadacha, go gcuirfear na tionscadail rathúla faoi phróiseas eile díchill chuí. Déanfar athbhreithniú eile ar thionscadail le linn an phróisis sin, lena n-áireofar breithmheasa eacnamaíocha agus staidéir indéantachta, de réir mar is cuí, chun an Cód Caiteachais Phoiblí a chomhlíonadh. De na 33 thionscadal ar dámhadh cistiú dóibh go dtí seo, tá ceadú foirmiúil faighte ag 11 cheann nó tá siad ar tí é a fháil.

Cé nach bhfuil sé beartaithe faoi láthair iarratais nua a iarraidh, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn ar Chlár an Chiste um Bonneagar Spóirt Mórscála, rud a mheastar a bheidh críochnaithe i gceann cúpla mí. I measc nithe eile, breithneofar san athbhreithniú sin an dul chun cinn a rinneadh ar gach deontas atá ann cheana agus cé acu ba cheart nó nár cheart aon deontais bhreise a dhámhachtain. Breithneofar freisin uainiú aon ghairme nua tograí. Maidir le haon leithdháiltí nua nó maidir le haon ghairm nua tograí, beidh siad ag brath ar chistiú breise a fháil don Chiste um Bonneagar Spóirt Mórscála tar éis an t-athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta a chríochnú.

Toisc thábhachtach maidir le pleanáil amach anseo agus maidir le daoine a chumasú leas a bhaint as na saoráidí éagsúla spóirt agus áineasa atá ar fáil ina limistéar áitiúil is ea an fháil réidh ar fhaisnéis atá cuimsitheach agus cothrom le dáta faoi shaoráidí spóirt agus áineasa. Tá obair ar siúl chun Bunachar Sonraí Náisiúnta Taitneamhachtaí Spóirt agus Áineasa a fhorbairt. Agus é bunaithe ar chóras faisnéise geografaí (GIS), is mó i bhfad an líon tacar sonraí atá sa bhunachar sonraí sin ná an líon a samhlaíodh ar dtús tar éis iniúchadh a dhéanamh ar shaoráidí spóirt. Meastar go mbeidh an obair críochnaithe go substaintiúil laistigh de dhá bhliain. Tá sé beartaithe na réimsí seo a leanas a chumhdach sna sonraí.

**Áineas**



*'áit ar féidir gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa a dhéanamh'*

- Páirceanna Spóirt
- Pailliúin Spóirt
- Rothaíocht
- Clubanna Spóirt agus Áineasa
- Galfchúrsaí
- Láithreacha Tonnmharcaíochta
- Láithreáin Slatiascaireachta agus Rochtain
- Treodóireacht
- Spóirt faoi Uisce
- Spóirt Aeir
- Spórt faoi Thalamh
- Spóirt Uisce
- Gníomhaíochtaí Fháilte Éireann

**Conairí**



*'áit ar féidir linn dul amach ag siúl, ag rothaíocht, ag déanamh marcaíocht agus ag lapadaíl'*

- An Clár Náisiúnta Conairí
- Pointí Rochtana
- Gormbhealaí
- Bealaí Siúil/ Rothaíochta
- Conairí Oidhreachta
- Conairí Foraoiseachta
- Glasbhealaí
- Cearta Slí
- Grianghraif de Chonairí
- Aiseolas

**Áiteanna Poiblí**



*'áit ar féidir linn taitneamh a bhaint as spás glas, as an imeallbhord agus as an oidhreacht'*

- Tránna
- Páirceanna agus Spás Oscailte
- Páirceanna Foraoise
- Páirceanna Náisiúnta
- Nithe is Díol Spéise do Thurasóirí
- Lochanna, Aibhneacha
- Anaclanna Dúlra
- Láithreáin Oidhreachta

**Taitneamhachtaí**



*'limistéir áineasa a dhéanamh níos compordaí'*

- Páirceáil
- Taitneamhachtaí Pleanáilte
- Aclaíocht Amuigh faoin Spéir
- Ionaid Fóillíochta
- Páirceanna Súgartha agus Clóis Súgartha
- Láithreacha Picnicí
- Leithris
- Fruiliú Rothar
- Láithreáin Champála
- Láithreáin Champála agus Carbhán

**4. Príomhcholúin an Bheartais Náisiúnta Spóirt**

*4.4. Rannpháirtíocht – Spórt Cuimsitheach ar Feadh an tSaoil*

Tá sé mar aidhm leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt rannpháirtíocht sa spórt in Éirinn a mhéadú ó 43% go 50% faoin mbliain 2027, agus an grádán sin á mhéadú go 60% ina dhiaidh sin faoi Chlár an Rialtais[1]. Chun an aidhm sin a bhaint amach, is gá dul i ngleic le grádáin rannpháirtíochta ach spriocdhíriú ar ghrúpaí sonracha inár sochaí ar lú i bhfad a rannpháirtíocht ná an meán foriomlán (e.g. daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí socheacnamaíocha ísle, mná agus cailíní, agus grúpaí mionlaigh eitnigh).

Gné lárnach den sprioc rannpháirtíochta a chomhlíonadh is ea cur leis an gcumas atá ag an earnáil spóirt a cuid clár a sholáthar, go háirithe i measc na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus i measc na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Rinneadh dul chun cinn suntasach trí leathnú an Chláir um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt agus an Chláir Forbartha Spóirt sa Phobal a chur ar aghaidh agus trí bheartas Spórt Éireann um Mná sa Spórt a sheoladh. Chabhraigh gach ceann díobh sin le haghaidh a thabhairt ar an sprioc rannpháirtíochta ar fud na hearnála ó sheoladh an Bheartais

[1] Tá Clár an Rialtais 2020 ar fáil ag https://www.gov.ie/en/publication/7e05d-programme-for-government-our-shared-future/

Náisiúnta Spóirt. Príomhréimse gníomhaíochta eile a gcuireann Spórt Éireann chun cinn é is ea an feachtas "Coinnigh Folláin", rud a tugadh isteach i mí Dheireadh Fómhair 2020 chun tacú le daoine agus pobail aire a thabhairt dá sláinte fhisiciúil agus dá meabhairshláinte. Ba as an bhfeachtas sin a tháinig roinnt tionscnamh atá ailínithe leis na leibhéil éagsúla de shrianta COVID-19.

Maidir leis sin, cuireadh in iúl sa tuarascáil ó Mhonatóir Spóirt na hÉireann a foilsíodh sa bhliain 2020 gur ghlac 46% de dhaonra na hÉireann (thart ar 1.78 milliún duine) páirt sa spórt uair amháin sa tseachtain ar a laghad sa bhliain 20192. Ba é 43% an figiúr don tréimhse choibhéiseach sa bhliain 2017. Is dea-scéala é sin. Is údar misnigh é freisin go leanann an bhearna idir na hinscní ó thaobh rannpháirtíochta sa spórt de de bheith ag cúngú, agus í cothrom le 3% faoi láthair, i gcomparáid le 4% sa bhliain 2017 agus le 16% nuair a tugadh Monatóir Spóirt na hÉireann isteach den chéad uair sa bhliain 2007. Tháinig méadú ar rannpháirtíocht ghníomhach i measc daoine faoi mhíchumas freisin, ó 29% sa bhliain 2017 go 33% sa bhliain 2019[2].

Leagadh díriú láidir ar thaighde ar ghníomhaíocht fhisiciúil agus ar rannpháirtíocht freisin (e.g. an Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil, Athrú Iompraíochta, Litearthacht Fhisiciúil, etc.). Tá obair ar siúl chun straitéis nua taighde a fhorbairt. Ní hé amháin go mbeidh ról lárnach ag an straitéis sin maidir le méadrachtaí bonnlíne rannpháirtíochta a sholáthar, ach beidh ról lárnach aici maidir leis na méadrachtaí sin a theastaíonn chun comhlíonadh na bpríomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt a thomhas a sholáthar freisin.

4.5. *Ardfheidhmíocht – Barr cumais na hÉireann a bhaint amach ar na leibhéil is airde de chomórtas idirnáisiúnta*
Soláthraíonn Institiúid Spórt Éireann agus Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann tacaí do lúthchleasaithe agus cláir a bhfuil mar aidhm leo dea-fheidhmíocht a sholáthar ar an leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach. Laistigh den chaighdeán comórtais sin, d'éirigh le lúthchleasaithe Éireannacha 80 bonn a bhuachan ar an leibhéal sinsearach agus ar an leibhéal sóisearach/óige/faoi 23 sa bhliain 2019. Buadh 13 bhonn eile sa bhliain 2020, laistigh de thimpeallacht a bhí ní ba dhúshlánaí fós.

Forbraíodh comhaontuithe comhpháirtíochta go rathúil idir Spórt Éireann agus an Chónaidhm Náisiúnta Oilimpeach agus an Chónaidhm Náisiúnta Pharailimpeach freisin, ar comhaontuithe iad lena léirítear an tábhacht a bhaineann le cur chuige atá dírithe ar an lúthchleasaí a ghlacadh. Le linn na bliana 2020, chabhraigh na comhpháirtíochtaí sin go mór le bainistiú agus sárú a dhéanamh ar an éiginnteacht agus na dúshláin a tháinig chun cinn sa spórt ardfheidhmíochta de bharr phaindéim COVID-19. Ar aon dul leis an gcuspóir atá ann cistiú ilbhliantúil a sholáthar, rinneadh Scéim dhá bhliain do na blianta 2019 agus 2020 den Scéim Cardála Idirnáisiúnta chun go bhféadfadh lúthchleasaithe díriú go hiomlán ar cháiliú do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha.

Leagadh an-díriú freisin ar Straitéis Ardfheidhmíochta nua a chur i gcrích don tréimhse 2021-2032. Foilsíodh an straitéis sin i mí an Mheithimh 2021 agus leagtar spriocanna sonracha amach inti. Beidh ról lárnach ag an straitéis maidir le cuspóirí soláthair straitéisigh agus oibríochtúil Institiúid Spórt Éireann a bhaint amach ar fud a seirbhísí feidhmíochta, a seirbhísí ceannaireachta, a seirbhísí cóitseála agus a sainseirbhísí.

Leanadh le Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann a fhorbairt freisin, áit a soláthraítear saoráidí de chaighdeán idirnáisiúnta le haghaidh traenáil ardfheidhmíochta. Ceann de na príomhghníomhartha sa Bheartas Náisiúnta Spóirt agus ceann de na gníomhartha sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 is ea an Campas a fhorbairt tuilleadh. I dteannta máistirphlean nua a fhorbairt don Champas, rud atá beagnach críochnaithe, áirítear leis na forbairtí suntasacha nua ag an gCampas Céim 2 de Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spórt Éireann a chur i gcrích, áit a n-óstálann Cumann Rugbaí na hÉireann a chuid oibríochtaí ardfheidhmíochta anois, agus oscailt na páirce imeartha úrscothaí nua haca. Cabhraíodh go mór lenár scothfhoirne a bhuí leis na saoráidí sin, ar gnéithe ríthábhachtacha nua de bhonneagar spóirt na hÉireann iad agus ina spreagfar ár scoth-lúthchleasaithe agus ina gcabhrófar leo ullmhú do na blianta atá le teacht agus rath a bhaint amach ar an ardán idirnáisiúnta.

4.6. *Feidhmíocht – Imirt agus dul san iomaíocht ar leibhéal atá oiriúnach do chumas, agus líonra clubanna pobalbhunaithe mar thaca faoi sin.*
Ós rud é gur mó i bhfad an líon daoine ar féidir leo tairbhe a bhaint as an spórt ná an líon réasúnta íseal daoine ar féidir leo feidhmiú ar an scothleibhéal, leagtar díriú láidir sa Bheartas Náisiúnta Spóirt ar an ngné pobail a bhaineann leis an spórt. Fuair na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a bhfuil baint acu leis na spóirt tosaíochta – is iad sin, lúthchleasaíocht, snámh agus rothaíocht – croíchistiú breise, mar aon le cistiú breise trí Chiste na gCuntas Díomhaoin agus trí chlár Éire Shláintiúil, sa bhliain 2020. Mar thoradh air sin, bhíothas in ann deiseanna gníomhaíochta fisiciúla a sholáthar do 50,000 rannpháirtí eile nach baill iad in aghaidh na bliana. I measc na rannpháirtithe bhí daoine as limistéir faoi mhíbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch agus oideachasúil agus daoine faoi mhíchumas. Faoi Chiste Athléimneachta COVID-19 (e.g. an Ghné Nuálaíochta den chiste) sa bhliain 2020, rinne Spórt Éireann infheistíocht i ngach spórt, go háirithe i gcláir

---

[2] Monatóir Spóirt na hÉireann, Tuarascáil Bhliantúil 2019, atá ar fáil ag https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2020-09/irish-sports-monitor-2019-report-lower-res.pdf

thábhachtacha de chuid na spórt tosaíochta, chun tairiscintí fíorúla agus malartacha a sholáthar do bhaill reatha agus do bhaill amach anseo araon chun a chinntiú go leanfadh siad le leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú le linn na paindéime.

Tugtar an-aitheantas sa Bheartas Náisiúnta Spóirt don ról ríthábhachtach a imríonn oibrithe deonacha, agus tacaíodh leis an ról sin dá réir. Meastar an líon oibrithe deonacha a bheith ina gcomhpháirt an-tábhachtach den chóras líonraí clubanna. Mar sin, is dearfach an rud é go luaitear sa tuarascáil ó Mhonatóir Spóirt na hÉireann go raibh méadú 2% ann (ó 45% sa bhliain 2017)2 ar an líon daoine a bhfuil baint shóisialta acu leis an spórt (i.e. freastal ar imeachtaí, ballraíocht de chlub, nó obair dheonach a dhéanamh).

Leagadh díriú tosaíochta ar an gcóitseáil freisin. I mí na Samhna 2019, rinne Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), mar ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as cáilíocht agus cuntasacht a chur chun cinn i seirbhísí oideachais agus oiliúna in Éirinn, Spórt Éireann a cheadú go hoifigiúil mar sholáthraí Ardoideachais. Cinnteoidh sé sin go mbeidh an t-ábhar cúrsa ar fad san oideachas cóitseála, agus go soláthrófar an t-oideachas cóitseála, ar na caighdeáin is airde. D'fhorbair Aonad Cóitseála Spórt Éireann Plean Cóitseála nua ar aon dul le haidhmeanna agus cuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt freisin.

Ar aon dul leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt, ghabh Spórt Éireann go hiomlán air féin a Chláir Thaighde agus Mheastóireachta a leathnú mar acmhainn ríthábhachtach maidir leis an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a fhorbairt de réir a chéile. D'fhorbair an fhoireann creat meastóireachta sistéamaí trí úsáid a bhaint as faireachán ar an leibhéal náisiúnta agus as córas tomhas míre aonair. Chomh maith leis sin, d'fhorbair sí acmhainní anailíse riachtanas agus tá oiliúint á soláthar aici do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ón mbliain 2019 i leith chun a chinntiú go mbíonn infheistíochtaí Spórt Éireann á ndíriú ar na pobail agus na daoine aonair is mó gá agus a bhainfidh an tairbhe is mó astu.

4.7. *Rialachas agus Inniúlacht – Forbairt earnála an-éifeachtach spóirt a bhrú chun cinn, ar earnáil í a mbeidh tionchar aici ar fud na tíre.*

Ar aon dul leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt, tá Spórt Éireann freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar ghlacadh an Chóid Rialachais don Spórt ag an earnáil spóirt faoi mhí na Nollag 2021. Tá treoir agus tacaíocht á dtabhairt do gach comhlacht cistithe struchtúir láidre rialachais chorparáidigh a chur i bhfeidhm agus a chothabháil. Rinneadh obair shuntasach ina leith sin chun a chinntiú go bhfuil an amlíne sin inghnóthaithe, ó ghlac Spórt Éireann ceannas ar an gCód le haghaidh Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanúla sa bhliain 2019 agus ó rinne sé é a athbhrandáil mar Chód Rialachais don Spórt. Leanadh ar aghaidh leis an dea-obair ina leith sin nuair a tugadh an Clár um Fheabhsú Rialachais isteach sa bhliain 2020, áit a ndírítear go géar ar threoirdhoiciméid, acmhainní agus teimpléid a nuashonrú chun buntacú le prionsabail an Chóid. Leantar le dul chun cinn a dhéanamh ar fheabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne ar na Boird ar eagraíochtaí cistithe spóirt, agus Spórt Éireann ag lorg feabhsuithe ar an méadú reatha 5% (ó 24% sa bhliain 2019 go 29% sa bhliain 2020). Seoladh Foireann Uirlisí nua um Éagsúlacht Inscne ar Bhoird i mí na Nollag 2020.

# Iarscríbhinn 3
# Gníomhartha

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
|---|---|---|---|
| **1** | **TOSAÍOCHTAÍ MAIDIR LEIS AN TÉARNAMH Ó PHAINDÉIM COVID-19 SA BHLIAIN 2021** | | |
| **1.1** | Leanúint le hobair go dlúth leis na comhlachtaí spóirt agus tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a thabhairt dóibh chun gur féidir leo leanúint lena spórt a sholáthar. | RTCEGSM/ Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| **1.2** | Dul i dteagmháil leis na comhlachtaí spóirt chun bonn eolais a chur faoi thograí saincheaptha agus cineálacha saincheaptha cur chuige i leith bhearta maolaithe COVID-19 amach anseo le haghaidh spóirt faoi dhíon agus spóirt amuigh faoin spéir araon. | RTCEGSM/ Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| **1.3** | Sainaithint a dhéanamh ar bhealaí inar féidir tacú leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta fás agus téarnamh ballraíochtaí agus líonraí clubanna a chur chun cinn. | Spórt Éireann | NGBanna |
| **1.4** | Ciste um Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas a bhunú chun tacú le tionscnaimh áitiúla do dhaoine faoi mhíchumas. | Spórt Éireann | Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, NGBanna, LSPanna, CARA |
| **1.5** | Straitéis Náisiúnta Snámha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun deiseanna breise snámha a sholáthar laistigh agus lasmuigh araon. | RTCEGSM | Spórt Éireann, Snámh Éireann, Ireland Active, Údaráis Áitiúla, RTRÁO, CARA |
| **1.6** | Leanúint le hobair i gcomhar leis na comhlachtaí spóirt chun filleadh sábháilte féachadóirí ar imeachtaí spóirt a éascú chun tairbhe do leantóirí, do chlubanna agus do chomhlachtaí spóirt. | RTCEGSM | Spórt Éireann, NGBanna |
| **1.7** | Tionscnamh Geimhridh don Spórt a sholáthar den chéad uair riamh sa bhliain 2021 chun ballraíocht agus rannpháirtíocht mhéadaithe i gclubanna spóirt a spreagadh agus a chothú, rud a chabhróidh le téarnamh na hearnála. | RTCEGSM/ Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| **1.8** | Obair i gcomhar leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun filleadh sábháilte gníomhaíochtaí spóirt faoi dhíon, agus téarnamh na ngníomhaíochtaí sin, a chur chun cinn. | RTCEGSM/ Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
| --- | --- | --- | --- |
| 2 | CUMARSÁID AGUS FAISNÉIS | | |
| 2.1 | Tabhairt faoi fheachtas ilbhliantúil cumarsáide ar fud na tíre chun tacú leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt a sholáthar, ar lena linn a chothófar rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíochtaí corpacmhainne ar feadh an tsaoil agus a tharraingeofar aird ar chroíluachanna an Bheartais Náisiúnta Spóirt agus ar an réasúnaíocht agus na teachtaireachtaí atá curtha in iúl ann maidir lena thábhachtaí atá an spórt – idir spórt áineasa agus spórt iomaíoch – maidir le daonra sláintiúil a bhaint amach. Le linn an fheachtais sin, díreofar go háirithe ar mhná, ar phobail mhionlaigh, ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar phobail a bhfuil leibhéil ísle rannpháirtíochta acu. | RTCEGSM | RS, RLCMLÓ, Spórt Éireann, Cónaidhm Spóirt na hÉireann, Ireland Active, NGBanna, Údaráis Áitiúla, LSPanna, CARA |
| 2.2 | Ráiteas comhdhearcaidh maidir le litearthacht fhisiciúil a fhorbairt agus glacadh na litearthachta fisiciúla a chur chun cinn sa spórt agus sa chorpoideachas. Modh a thabhairt isteach trínar féidir glacadh agus cur chun feidhme an ráitis sin a mheasúnú agus a bhrú chun cinn go rialta. | Spórt Éireann | RO, RBATNE, RLCMLÓ, NGBanna |
| 2.3 | Ar aon dul le straitéisí náisiúnta ábhartha ón Roinn Dlí agus Cirt agus ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige araon, tabhairt faoi fheachtas faisnéise ina dtarraingeofar aird ar cé chomh do-ghlactha agus atá claontacht, ciníochas, homafóibe agus gach cineál idirdhealaithe sa spórt, le tacaíocht ón gclár um chleachtas eiticiúil sa spórt/ón gclár don spórt luachannabhunaithe. | Spórt Éireann | RDC, RLCMLÓ, CARA, Cónaidhm Spóirt na hÉireann, NGBanna, LSPanna |
| 2.4 | Bunachar Sonraí Geografacha Náisiúnta Saoráidí Áineasa a fhorbairt agus a chur chun cinn, rud a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus lena léarscáileofar saoráidí spóirt faoi dhíon agus saoráidí spóirt amuigh faoin spéir. Leis an mBunachar Sonraí sin, cumasófar do phobail áitiúla rannpháirtíocht in eagraíochtaí áitiúla spóirt a bhrú chun cinn trí scoileanna, trí údaráis áitiúla agus trí eagraíochtaí pobail. | Spórt Éireann | RTCEGSM, RS, RO, RBATNE, RLCMLÓ, RTRÁO, Údaráis Áitiúla, Ireland Active, NGBanna, CARA |
| 2.5 | Agus leas á bhaint as rath cruthaithe na bhfeachtas corpacmhainne atá ann cheana sna meáin, feachtas séasúrach nua a sholáthar ina gcuirfear rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta sa spórt chun cinn le linn mhíonna an Gheimhridh, rud a sheolfar le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt i mí Mheán Fómhair gach bliain. | Spórt Éireann | RTCEGSM, RS, Ireland Active, NGBanna |
| 2.6 | Sainaithint agus cur chun cinn a dhéanamh ar bhealaí inar féidir gníomhaíocht fhisiciúil a uasmhéadú le linn an lae scoile. | RO/ RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 2.7 | Tacú le teagmháil idir clubanna spóirt agus scoileanna d'fhonn gníomhaíocht fhisiciúil agus rannpháirtíocht araon a mhéadú. | RO/ RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
|---|---|---|---|
| 3 | CISTIÚ | | |
| 3.1 | Ciste Nuálaíochta a bhunú chun tionscadail nuálacha chomhoibríocha a chur chun cinn ar mhaithe le rannpháirtíocht inbhuanaithe sa spórt a mhéadú. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 3.2 | Agus éiteas 'Spórt do chách' á chur i bhfeidhm, Ciste um Chuimsiú, Éagsúlacht agus Comhionannas a bhunú chun rannpháirtíocht mhéadaithe inbhuanaithe sa spórt a chur chun cinn i measc leanaí, ógánach agus aosaigh óga, daoine a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, daoine faoi mhíchumas, an pobal LADTI+, an Lucht Siúil agus mionlaigh eitneacha eile. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 3.3 | Gach tionscadal rathúil faoin gCiste um Bonneagar Spóirt Mórscála a sholáthar agus a chur ar aghaidh. Maidir leis an gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt, a chinntiú go gcuirfear leibhéal cuí cistiúcháin i leataobh do na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt, lena n-áireofar leithdháiltí le haghaidh trealamh ardfheidhmíochta. A chinntiú go mbeidh cistiú ar fáil freisin faoin gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt le haghaidh saoráidí spóirt a athnuachan/a chothabháil go cuí i gcás go measfar an obair sin a bheith riachtanach chun na saoráidí a choinneáil ar bun. | RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 3.4 | Bunaithe ar an gclár "Black Gold" sa Nua-Shéalainn, scéim a thabhairt isteach le haghaidh maoiniú corparáideach agus daonchairdiúil a mhealladh chun tacú le clár ardfheidhmíochta na hÉireann. | Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann/ Cumann Parailimpeach na hÉireann | NGBanna |
| 3.5 | Chun tacú leis an bplean náisiúnta cóitseála, Ciste Cóitseála atá tiomnaithe agus comhoibríoch a bhunú do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. | Spórt Éireann | NGBanna |
| 3.6 | Creat coiteann cistiúcháin a fhorbairt chun leithdháileadh an chistiúcháin Stáit ar Chluichí Gaelacha a threorú ar fud gach cóid. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 3.7 | Cásanna gnó a ullmhú le haghaidh athchóirithe féideartha cánachais i leith na nithe seo a leanas:<br>a) stádas carthanúil a dheonú do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta;<br>b) an tairseach incháilitheachta €250 a ísliú le haghaidh faoisimh chaipitil ar shíntiúis aonair do thionscadail chaipitil spóirt;<br>c) an córas cánach breisluacha nialas-rátaithe a leathnú;<br>d) faoisimh chánachais ar shíntiúis chaipitil a leathnú chun go n-áireofar leo síntiúis do chláir rannpháirtíochta sa spórt/do chláir chóitseála; agus<br>e) deiseanna aclaíochta pearsanta a dhreasú. | Cónaidhm Spóirt na hÉireann | Ireland Active, NGBs |
| 3.8 | An soláthar dífhibrileoirí a chur chun cinn ar fud an líonra spóirt. | RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
|---|---|---|---|
| 4 | **OILIÚINT/ACMHAINNÍ** | | |
| 4.1 | Acmhainní saincheaptha a fhorbairt chun cúnamh a thabhairt do na príomhlíonraí Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt. | Spórt Éireann | Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, LSPanna, NGBanna, CARA |
| 4.2 | Agus iad ailínithe leis an mbeartas náisiúnta um obair dheonach, acmhainní a fhorbairt chun tacú le bainistíocht oibrithe deonacha laistigh de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. | Spórt Éireann | Obair Dheonach Éireann, NGBanna, LSPanna, CARA |
| 4.3 | An Cód Rialachais don Spórt a bheith glactha ag gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus gach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt faoi dheireadh na bliana 2021. Mar chuid den phróiseas sin, sainaithneoidh Spórt Éireann an oiliúint agus na tacaí a theastaíonn ó na heagraíochtaí difriúla chun cabhrú leis an bpróiseas glactha agus cuirfidh sé an oiliúint agus na tacaí sin i bhfeidhm. | Spórt Éireann | NGBanna, LSPanna |
| 4.4 | Tacú leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus le comhlachtaí eile spóirt uirlisí meastóireachta a fhorbairt dá gcuid clár agus tionscnamh. Creataí meastóireachta a fhorbairt, ar creataí iad lena gcumasófar measúnú láidir (a) ar an tionchar atá ag saoráidí, cláir agus idirghabhálacha a chistítear go poiblí agus (b) ar a mhéid a chruthaítear naisc bhuana le clubanna áitiúla. | Spórt Éireann | NGBanna, LSPanna agus Eagraíochtaí Eile Spóirt |
| 4.5 | Fóraim rialta a thionól do gheallsealbhóirí earnála spóirt chun cabhrú le sonraí praghsála árachais a thiomsú ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi láithreoireachtaí a thabharfaidh an tAire os comhair an Choiste Comh-aireachta um Athchóiriú Árachais gach sé mhí. | RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 5 | **CLÁIR AGUS IMEACHTAÍ** | | |
| 5.1 | Fóram geallsealbhóirí atá dírithe ar an óige a thionól chun glacadh an chreata straitéisigh atá molta sa Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil 2018 (CSPPA 2018) a threorú. | RTCEGSM/RS/RO/RBATNE/RLCMLÓ | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 5.2 | Agus aitheantas á thabhairt don ról tábhachtach atá ag tuismitheoirí agus caomhnóirí i leith leanaí agus daoine óga agus don tionchar tábhachtach a imríonn siad orthu, cuirfidh na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta an fháil mhéadaithe ar imeachtaí pobail áitiúil atá inrochtana ag cách agus deiseanna spóirt áineasa atá oiriúnach do theaghlaigh chun cinn, go háirithe i bpobail tuaithe. Bunófar tuilleadh mol spóirt sa phobal ar fud na tíre. | Spórt Éireann | LSPanna, NGBanna, CARA |
| 5.3 | Ar aon dul leis an dearcadh conaire saoil ar cuid dhílis de na spóirt rannpháirtíochta tosaíochta faoin mBeartas Náisiúnta Spóirt é, cumhdach na gclár 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith' a leathnú chuig daoine de gach aois, agus béim ar leith á cur ar na riachtanais atá ag daoine scothaosta. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 5.4 | Beartas Áineasa Amuigh Faoin Spéir a chur chun feidhme agus infheistiú ann chun rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil amuigh faoin spéir a mhéadú i measc daoine de gach aois. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
|---|---|---|---|
| 6 | **PLEANANNA AGUS STRAITÉISÍ** | | |
| 6.1 | I dteannta pleananna gníomhaíochta comhionannais a fhorbairt, iarrfar ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta sprioc an Rialtais do Bhoird Stáit a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2023, is é sin le rá go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad don dá inscne ann i gcomhaltas a mBord. Soláthrófar tacaíocht do chláir thiomnaithe oiliúna ceannaireachta do mhná, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le rialachas agus oiliúint theicniúil (cóitseáil, réiteoireacht agus bainistíocht foirne). Déanfaidh Spórt Éireann faireachán ar dhul chun cinn na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar na spriocanna agus tuairisceoidh sé gach bliain ar cé acu atá nó nach bhfuil údar ann le bearta breise amhail cuótaí inscne. | Spórt Éireann | NGBanna |
| 6.2 | Oibreoidh Spórt Éireann i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla ar fud na tíre chun creat a cheapadh le haghaidh tacú le Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus comhoibriú leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta á chinntiú go háirithe. | Údaráis Áitiúla | Spórt Éireann, LSPanna, NGBanna, RTCEGSM, RTRÁO, RS, RO, RBATNE, RLCMLÓ, RFTP |
| 6.3 | Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann 2021-2032 a chur chun feidhme, agus leas á bhaint as cineálacha athbhreithnithe cur chuige i leith infheistíocht spriocdhírithe feidhmíochta, forbairt cóitseála agus coinneáil. | Spórt Éireann | Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, NGBanna |
| 6.4 | Máistirphlean nua 15 bliana a chur i gcrích do Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann, lena n-áireofar tionscadail atá ar siúl agus ar na bacáin cheana féin, amhail cóiríocht do lúthchleasaithe agus veileadróm. | Spórt Éireann | NGBanna |
| 6.5 | Tabharfaidh Spórt Éireann ceannaireacht le dea-shampla agus taispeánfaidh sé tiomantas an spóirt don inbhuanaitheacht le linn tionscadail bhonneagair a fhorbairt ag an gCampas trí straitéis nua inbhuanaitheachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme don Champas. Beidh sé mar aidhm leis an Straitéis nua an inbhuanaitheacht a leabú i bpleanáil, dearadh, tógáil agus oibriú gach tionscadail nua bhonneagair ag an gCampas. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 6.6 | Forbairt a dhéanamh ar bheartas um imeachtaí idirnáisiúnta spóirt a óstáil, rud lena n-ailíneofar na hiarrachtaí de chuid comhlachtaí stáit, comhlachtaí rialaithe náisiúnta, údarás áitiúil agus gach geallsealbhóra ábhartha eile lena chéile chun a chinntiú gur féidir le hÉirinn dul san iomaíocht leis na tíortha is fearr ar domhan agus sinn ag iarraidh mórimeachtaí a óstáil. | RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 6.7 | Leanúint le dul i mbun teagmháil dhearfach ar bhonn Thuaidh-Theas chun cabhrú leis an spórt agus le gníomhaíocht fhisiciúil a sholáthar do gach duine ar an oileán agus chun gur féidir an dea-chleachtas agus rochtain ar shaoráidí a chomhroinnt. Déanfaidh Spórt Éireann iniúchadh ar na réimsí ina bhféadfaí tuilleadh ailíniúcháin straitéisigh a bhaint amach maidir leis an spórt a fhorbairt tuilleadh ar bhonn uile-oileáin, lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann comórtais nua uile-oileáin a reáchtáil ar an scothleibhéal agus ar an leibhéal áineasa, agus ar na deiseanna atá ann comhthairiscintí Thuaidh/Theas a chur isteach amach anseo le haghaidh comórtais idirnáisiúnta a óstáil. | RTCEGSM/ Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Geallsealbhóirí |
|---|---|---|---|
| 7 | TAIGHDE AGUS MEASTÓIREACHT | | |
| 7.1 | Forbairt a dhéanamh ar straitéis taighde don spórt, lena n-áirítear stór taighde agus sonraí spóirt ar líne. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 7.2 | Ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta do Dhaoine Óga LADTI+, agus chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na bacainní atá roimh dhaoine LADTI+ sa spórt, tionchar na n-uirlisí náisiúnta taighde amhail Monatóir Spóirt na hÉireann agus foinsí eile a leathnú chun cur leis an tuiscint atá againn ar na saincheisteanna a bhaineann le rannpháirtíocht/neamh-rannpháirtíocht sa spórt i measc grúpaí imeallaithe amhail daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha, daoine den phobal LADTI+, etc. | Spórt Éireann | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 7.3 | Athbhreithniú Luach ar Airgead a dhéanamh ar an gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt agus a chinntiú go gcuirfear aon mholtaí a thiocfaidh as an Athbhreithniú sin san áireamh i mbabhtaí bliantúla amach anseo den chlár. | RTCEGSM | Gach geallsealbhóir ábhartha |
| 7.4 | Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an obair idirnáisiúnta ina dtomhaistear an rannchuidiú a dhéanann an spórt, an corpoideachas agus gníomhaíocht fhisiciúil le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus chun gné chearta an duine den spórt a choinneáil chun tosaigh, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a léarscáiliú laistigh den Bheartas Náisiúnta Spóirt. | RTCEGSM | Oifig UNESCO, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan |

**Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media**

www.gov.ie/en/organisation/department-of-tourism-culture-arts-gaeltacht-sport-and-media/